Acaill

Cúis brón insan ċeantar bás Miċeál Ó Maidin, An Corrán, insan Ospidéal Condae, oíċe Domnaiġ seo caite. Ní raiḃ sé aċ 62 bliain d'aois. Ḃí aiṫne maiṫ air mar ġreasaí agus ḃí árdmeas air frío ceantar mór. Seanaċaí ana ṁaiṫ ab ea é, agus ḃíoḋ sluaite cruinniṫe go minic ag éisteaċt lena ċuid aṁráin agus scéaltaí. Ḃí luċt Gaeilge agus aṫḃeoċána ag tarraingt ansin go minic. Níṫear coṁḃrón lena ḃean, Máire, **lena ḋeartáraċa** Liam, Antoine, agus Terence, agus deirfiúraċa, Caitríona, Bríd, Máire agus Síle. Ċuaiġ soċraid mór leis ċuig Séipéal an Ċorráin, Dé Luain, agus ḃí an soċraid ċuig reilig Gob a' Ċoire taréis Aifreann Solúnta na Marḃ ar an Máirt.

Deiċ nginí a fuair Caitlín Ní Ṁóráin, iníon do Tomás T. Ó Móráin, Cnoc na Casa, Corrán, agus Bean Uí Ṁóráin, as an bua do ḃreiṫ léi insan comórtas cócaireaċt éisc i gCaisleán an Ḃarraiġ. Tá sí a' coiṁlint anois ṫar ċeann Muiġeo insan comórtas náisiúnta a ḃfuil duais 100 giní ag dul leis. Is mó duine a ḋein coṁġáirdeaċas le Iníon Uí Ṁóráin agus lena múinteoir — Iníon Nic na Mara, An Ġairm-Scoil, Caiseal.

Cúis bróin i gceantar Baile Cruaiḋe, bás Bean Liam Uí Ṁaidín, in Ospidéal na Condae, i gCaisleán an Ḃarraiġ. Tugaḋ an corp na ḃaile go dtí Séipéal Ḃaile Cruaiḋe ar an Domnaċ, ⁊ ċuaiġ an soċraid taréis Aifreann Solúnta na Marḃ, i Séipéal Ḃaile Cruaiḋe, Dé Máirt.

An tseaċtain seo caite freisin, d'éag Eoin Ó Máille, Caol, ar leis an Richview Hotel, i gCaol. Deartár dob ea Seán Ó Máille, Caol, agus uncail ab ea é do Ṁiċeál Ó Máille, fear an ṗoist, Caol. Ċuaiġ an soċraid ó Séipéal Pollaċ ar an Domnaċ, taréis Aifreann Solúnta na Marḃ, go dtí reilig Sliaḃ Mór.

Tá comórtas Féile Drmámaíoċta na Scol ar siúl in Acaill ón 4ú lá go dtí an 7ú lá do Ṁárta. Is féidir gaċ eolas agus foirmeaċa iarratais a ḟáil ó Siúḃán Pi Ġallċoḃair, O.S., An Corrán, nó Máire Ní Ċeataġáin, Scoil Náisiúnta, Sáile.

Ḃí ionadaí ó Ġaeltarra Éireann ag taḃairt cuairt ar Corrán, Doiríní agus Sáile an tseaċtain seo caite, ag iarraiḋ suim a spreagaḋ i gcniotáil baile. Ḃí toraḋ maiṫ ar an gcuairt ar an gCorrán, aċ i Sáile agus Doiríní, ní raiḃ luċt cniotála ró ṡásta leis an ṗáiġ a ḃíoṫar ag taḃairt as an ċniotáil.

Ḃí an tAṫair P. Mac Annraoi, S.C., agus C. Ó Connaċtain, Gob a' Ċoire, i láṫair ag cruinniú de Ċoiste Cosanta an Iarṫair, mar ionadaiṫe ṫar ċeann Cumann Turasóireaċta Aċla.

Agus ag caint ar ṫurasóireaċt —de ḃárr dréaċt a ḃí i bpáipéar Domnaiġ de ċuid na Sasana, fuair an Coiste Forbarṫa turasóireaċta in Acaill, suas le 1,000 litreaċa ó ḋaoine a ḃí ag iarraiḋ eolas fá ionaid turasóireaċta in Acaill. Tá an Coiste ag ullṁú duilleóġáin ina mbeiḋ eolas fá áiteaċa loistín agus cuirfear ṫart ċuig na daoine seo é.

Ḃuaiġ Naoṁ Seosaṁ ar an gCorrán, le scór 4-4 i gcoinniḃ 0-6 insan gcéad ċluiċe ag an Valley, Dé Domnaiġ seo caite, de Ċorn Scannláin. Ar son Naoṁ Seosaṁ, d'imir an triúr Muirís agus an triúr de ṁuinntir Loinsiġ, go h-an ṁaiṫ. Coṁ maiṫ le Grialáis agus Rudaí. Ḃí Breandán Ó Ġallċoḃair, mac le Donnċa Ó Ġallċoḃair, Caṫaoirleaċ, Connaċt, ag imirt ar son an Corrán.

Carna

An tseaċtain seo caite, ċuir long Ollanaċ, isteaċ go cuan Ċill Ċiaráin agus ṫóg siad ar bord 400 tonna feamainn próiséisiṫe lena ṫaḃairt go hAlbain.

Ag an Ċúirt Dúiċe i gCarna an tseaċtain seo caite, ċuir an Giúistís de Búrca fáilte roiṁ an Ceannfort D. Ó Cinnéide, go dtí an ceantar. Ceapaḋ an Ceannfort Ó Cinnéide go ceantar an Ċloċáin ar na mallaiḃ, ⁊ b'é seo an ċéad uair a ḃí sé san Ċúirt.

Ḃí breis agus 200 daoine i láṫair ag taispeántas cócaireaċta éisc, faoi ċoimirce Bord Iascaiġ Ṁara, in hall na paráiste, An Cloċán, an tseaċtain seo caite. Iníon Uí Ṁealóid, D. Sc.I., a rinne an cócaireaċt agus ḃí an tUasal Ó Maṫúna, ó'n ċeann-aras i mBaile Áṫa Cliaṫ ann le caint an speisiúil a ṫaḃairt ar iasc go ginearálta.

De ṫairḃe aṫ-eagrú a rinne Bord Iascaiġ Ṁara, tá soláṫar do iasc úr ó Ġaillim le fáil frío Ċonamara gaċ tráṫnóna Diardaoin anois.

Oíċe Luain seo ċaite, ḃí ceiliúraḋ mór i gCarna, nuair a lasaḋ 11 soilse sráide nua don ċéad uair. Go dtí seo ní raiḃ aċ dá ṡolus poiblí insan sráidbaile agus tá cuma nua úr ar fad air anois leis na 13 soilse.

Ḃí aonaċ íontaċ beag ar an gCloċán Dé Máirt seo caite, ⁊ ḃí fíor ḃeagán stoc ar tairiscint, cé go raiḃ na luaċa níos áirde ná ariaṁ.

Ag cruinniú de Ṁuinntir na Tíre i Rinn Ṁaoil cinneaḋ ar glacag le tairiscintí ó Pádraic Ó Cluṁáin agus Liam Ó Diamóin, fá ċoinne leasmála agus socraíoḋ an t-ordú a roinn eatarṫa. B'iad na luaċa a tairgeaḋ ná £8 an tonna ar slag agus £9 an tonna ar superphosphates.

Ag cruinniú de Ċumann Lúṫ-Ċleas Gael, ar an Ċloċán, toġaḋ —Uaċtarán, An tAṫair M. Eaton, S.C.; caṫaoirleaċ, Ciarán Seóige; leas-ċaṫaoirleaċ, Seosaṁ Mac an Rí; rúnaí, Séamas Látaiġ; cisteoir, Daiṫí Ó Grifín.

Coṁġáirdeaċas leis an Ḃráṫair Orban, O.S.F., Uaċtarán Mainistir na bProinnsiascánaċ, Cloċ na Rón, a toġaḋ mar ball do Ċoiste Iomána na Gaillime. Is fada an Ḃráṫair Orban ag obair ar son Ċumann Lúṫ-Ċleas Gael i gConamara.

Cé go ḃfuil innealra agus eile istiġ san Teaċ Soluis ag Ceann an Ċleaġáin tá gearáin insan áit naċ ḃfuil solus ar biṫ ḋá taispeáint go fóill.

Coṁġáirdeaċas le Albert Mac an Rí, mac is óige do Albert Mac an Rí, agus a ḃean, Carna, ar glaoḋ air ċuig an Depot i dTeampall Mór, le traenáil mar ġarda. Iar-scolaire é do Scoil Seosaiṁ, Carna, áit a ḃfuair sé an árd-tistiméireaċt le onóraċa. Ċaiṫ sé tamall ar foireann cléireaċais monarca biatais Ṫuama.

Iorras

Tugaḋ isteaċ sé lód bád de eallaċ ó Inis Ciaḋ, Fód Duḃ, Dé Ceadaoine, agus ḃí siad ar siol ag Aonaċ Béal an Ṁuirṫid, ar an Luan, an 15ú lá do mí Feaḃra. Ḃí ord maiṫ ar an eallaċ agus ċuaiġ siad luaċ maiṫ. Ḃí cuid acu ós cionn 10 coṁ.

I Séipéal Ḃárr Ṡáṁa, Dé Luain pósaḋ Antoine Ó Tí, Ard Uan, Béal an Ṁuirṫid, agus Máire Ní Nilán, Fód Duḃ. Ḃí an ḃainis i dteaċ máṫair na brídeoige. Tá an ḃrídeoig ina ḃall de Ḃantraċ na Tuaiṫe i Sáile.

Ḃí slua an ṁór do ċoṁ lua sa ḃliain, ag Duḃorc Dé Domnaiġ seo ċaite den ċéad ċluiċe de corn an Ċanónaċ Ó Domnaill, idir Sraiṫ agus Duḃorc. Duḃorc a ḃain an craoḃ anuraiḋ, aċ i mbliana tá sé an deacair acu foireann a ċur le ċéile ar fad. Tá seisear de imireoirí na bliana anuraiḋ imiṫe ṫar sáile, agus ní raiḃ sé ró ḟurasta acu foireann a ċur 'na páirce ċor ar biṫ. Ḃí an cluiċe go maiṫ agus bainteaḋ sult agus aoiḃneas as. Sraiṫ, an foireann eile a ḃí san ċraoḃ ċluiċe anuraiḋ, ḃíodar ċoṁ díograsaċ sin, gur tugaḋ an Garda Ó hEanaċáin, agus a ḋeartáir. Seán, ó Ċoláiste Iolscoile na Gaillime. abaile fá ċoinne an ċluiċe.

Ṫug Coṁairle Condae Ṁuiġeo £5,000 de ḋeontas fá ċoinne ḋeisiú ar an ḃóṫar ó Glais go dtí Surgeview, agus ó sin síos go dtí an ċéiḃ. Tá an obair ag tosnú an tseaċtain seo ċugainn.

Cúis bróin insan ċeantar bás Bean Liam Uí Raġallaiġ, Gleann Lára, Béal an Ṁuirṫid, in aois a 93 bliana. Ḃí an tsláinte go maiṫ aici suas go dtí go dtáinig an bás uirṫi. Ḃí seana-Ġaeilg dúċais Iorruis go maiṫ aici. agus is ioma duine de luċt na h-aṫḃeoċána a ḃíoḋ ag tarraingt na háite ag éisteaċt léiṫi. Ba as Inis Ciaiḋ ó ċeart í, agus ṫáinig sí a ċónaí ar an mór-tír fiċe bliain ó ṡin. Níṫear coṁḃrón lena clann, Pádraic agus Liam, Caitlín, N.Dip.Ed., Móinte Mílic. ⁊ Máire ins na Stáit Aontaiṫe. Tugaḋ an corp go Séipéal Eaċléim ar an gCeadaoine, áit a raiḃ an Canónaċ Ó Cillgalláin, S.P., Fód Duḃ, agus an tAṫair Ó Mórḋa, S.C., i láṫair leis na paidreaċa do rá. Ċuaiġ an soċraid go reilig Poll Mór, taréis Aifreann Solúnta na Marḃ. Cailleaḋ beirt ṁac léi, Terence (14) agus Seán (20), insan tubaiste in Inis Ciaiḋ in 1927.

An tseaċtain seo caite, freisin, d'éag Miċeál Mac Oireaċtaiġ An Ċros, Fód Duḃ, ar an Diardaoin. Ḃí eolas maiṫ air mar feirmeoir saoṫaraċ, ar fud Iorrus, agus mar fear seilge ċoṁ maiṫ. Tugaḋ an corp go dtí Séipéal Fód Duḃ ar an Diardaoin, ⁊ ċuaiġ an soċraid go reilig an Croise ar an Saṫairn na ḋiaiḋ taréis Aifreann Solúnta na Marḃ. Deintear coṁḃrón lena ḃean ċéile, lena ḋeartár, agus deirfiúraċa agus lena ċlann, Miċeál, Antoine, Pádraic, Uinsionn agus Máirtín, agus le iníon leis, Bean Ḃriain Uí Domnaill.

Ceist fá'n Ġaeltaċt

Ag panel nó trá na gceist, i mBéal Áṫa na Muice, cuireaḋ ceist ċuig an panel de T.D.'s Muiġeo ó ṫárla scoláireaċtaí ⁊ deontaisí taistil le fáil ag páistí ón nGaeltaċt, cé'n fáṫ naċ mbeaḋ na rudaí céanna le fáil ag páistí i gceantar na Galltaċta. Dúraḋ go raiḃ páistí Gaeltaċta ḋá dtaḃairt ċun na scoile i minibuses a raiḃ caḃair Stáit leo. Scairt duine ón luċt éisteaċta i nGaeilge agus ṫug duine ón panel freagra i nGaeilge air.

Dúirt Miċeál de Brúin, T.D., Fine Gael, nár ċréid seisean gur ċeart do ṗáistí i gceantar Gaeltaċta níos mó priḃléidí a ḟáil ná páistí i gceantar ar biṫ eile. Ba é an bun-rúta a ḃí leis na deontaisí ná an tacaíoċt a ḃíoṫar a' taḃairt don Teanga Gaeilge. Ní raiḃ seisean sásta go raiḃ an córas a ḃí ann ag caoṁnú nó ag cosaint na Teanga Ġaeilge.

Ċosain Seosaṁ Ó Líonaċáin, T.D., na deontaisí a íoctar leis an Ġaeltaċt agus dúirt sé gur ṫroid sé fána gcoinniḃ, agus muna raiḃ siad ins na ceantair eile nárḃ aon loċt air-san nó ar an nGaeltaċt é sin, agus go raiḃ sé in am ag na Teaċtaí eile múscailt suas agus a gcuid gnó a ḋéanaṁ.

Oileán Cléire

Is mó uair adúraḋ in AMÁRAĊ gur ċeart breis Colaistí Gaeilge do ḃunú i nGaeltaċtaí na Muṁan, agus do luaḋ Oileán Cléire, aċ go h-áiṫrid. Tá áṫas ar ṁuinntir Ċléire anois go ḃfuil Coláiste le cur ar bun ar an Oileán.

Muinntir Gaelaċas Teo., i gCorcaí, a ḃeiḋ ina ḃun, agus beiḋ ḋá ċúrsa ann ar an samraḋ seo ċugainn, ó 5ú Iúil go dtí an 30ú lá do Iúil, agus an dara cúrsa ón 3ú Lúnasa go dtí an 28ú lá do Lúnasa. Beiḋ ranganna ar siúl insan scoil agus beiḋ na daltaí a ḃeiḋ ar na cúrsaí ag fanaċt ins na tiṫe Gaeltaċta.

Seo é an ċéad rud a deineaḋ do Ġaeltaċt Ċléire ó ṫaoḃ Gaeilge de, agus beiḋ gaċ duine a' guí go n-éiríoḋ go maiṫ leis.

Agus is aoiḃinn ar fad an áit Cléire ċun saoire do ċaiṫeaṁ ann, agus beiḋ cúṁa agus brón ar na daltaí a ṫiocfaiḋ annseo a ḃeiṫ ag fágaint an Oileáin ag deireaḋ an ċúrsa.

Baile na Finne

Leis an siocán ar na bóiṫre ⁊ an aimsir ċoṁ h-olc, ní raiḃ stoc ar biṫ ar tairiscint ar aonaċ Ḃaile na Finne.

Broċaċ

Aḃar bróin fríd Ḋún na nGall uiliġ an scéala go raiḃ an tAṫair Seán Mac Meanmainn, S.C., Cloċán, indiaiḋ bás ḟáil, Dé Máirt seo caite. Ḃí sé tinn le tamall, aċ níor ṡíl duine ar biṫ go ḃfaiġeaḋ sé bás ċoṁ tobann. Ḃí sé trí-scór bliain d'aois, agus taréis a orduiú mar Ṡagart, ċaiṫ sé roinnt ṁaiṫ blianta ina Ollaṁ ag teagasc i gColáiste Aḋaṁnán, Leitir Ceanainn. Ċuaiġ sé go Baile na nGallóglaċ mar Sagart cúnta, in 1948, áit a mbeiḋ cuiṁne air leis an halla breá paráiste a ṫóg sé ansin, ⁊ an Teaċ Pobail úr a ċur sé tús leis. Ḃí gaċ duine go maiṫ dó i bparáiste an Ċloċáin. Ḃí suim mór aige i gCumann Lúṫ - Ċleas Gael, agus i slat iascaireaċt, ⁊ ḃí sé 'na ċaṫaoirleaċ ar Coiste Coṁairlíteaċ Iascaireaċt na Feaḃaille.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
20-2-65	8.49	21.17	8.06	20.34	7.11	19.27
21	9.31	21.59	8.48	21.16	7.50	20.08
22	10.17	22.47	9.34	22.04	8.31	20.52
23	11.12	23.46	10.29	23.03	9.16	21.43
24	——	12.23	11.40	——	10.11	22.48
25	01.02	13.51	00.19	13.08	11.26	——
26	2.26	15.13	01.43	14.30	0.12	12.50

Ciaró Radio

Dé hAoine — 5.1, The Spanish Musket. 5.30, Songs With Guitar. 5.45, Seaports, Ships and Cargoes. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Break for Music. 8.1, A Harp Through Six Centuries. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Dha Leabhar Filiochta. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Sathairn—5.1, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Song Bag. 7.45, Conversations With Missionaries. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, Good Evenings, Friends! 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh —10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 12.30, The Mass and the People. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, Ceolta Tire. 2.55, G.A.A. Railway Cup Football Semi-final: Munster v. Ulster. 4.20, An Coiciosan. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Soccer Survey. 6.50, Newspoint. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Seventeen Club. 8.0, Margaret Gillan. 9.30, The Yeats We Knew. 10.0, Gaelic Sports News. 10.30, Music of the Nation. 11.0, Recital.

Dé Luan—5.1, Wizard Winkle and the Monster. 5.15, Amhrain Do Phaisti. 5.30, As You Like It. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, "The Coming In Of Spring." 8.30, Novels From Two Continents. 8.45, The Poets as Critics. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmohuse. 10.30, Ceili Music from Munster. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart — 5.01, The Spanish Musket. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Report on Attested Store Cattle Sales; Announcements. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, Dha Thaobh an Fhalla. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Requests from Overseas. 11.15, Thanks For The Memory.

Dé Ceadaoin — 5.01, Wopple and Snork. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Journal. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Cattle Market Report; Announcements. 6.45, Town Hall To-night. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Came the Dawn. 11.0, Record Report.

Deardaoin — 5.01, An Ceol-Fhoireann Aerach. 5.25, Ceili na nOg. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Old Saint Paul's. 8.1, Disc Likes and Dislikes. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Three Conversations from Donegal. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Am Loin ar an gCearnog. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

Muintir na Gaeltaċta a d'ḟoillsiġ. "Democrat," Tír Ċonaill, ċlóḃualaḋ.